CAD É PRÓISEAS CHUID 8?

Tá roinnt céimeanna ag teastáil le haghaidh phróiseas Chuid 8 agus go leor bealaí inar féidir le scoil gníomhú chun tacaíocht a fháil do na moltaí.

CÉIM 1
Fógra

Ní mór don údarás áitiúil fógra faoin bhforbairt a fhógairt i nuachtán faofa.

CÉIM 2
Fógra Láithreáin

Ní mór don údarás áitiúil fógra láithreáin a chur suas ar an talamh ina mbeidh an tógáil bheartaithe ar siúl ar feadh tréimhse **ceithre seachtaine** ar a laghad.

CÉIM 3
Tréimhse Comhairliúcháin

Bíonn tréimhse comhairliúcháin **dhá sheachtain** ar a laghad ann i ndiaidh Chéim 1 & 2 inar féidir leis an bpobal tuairimí a chur in iúl agus agóidí a dhéanamh i gcoinne an phlean.

CÉIM 4
Tuarascáil an CEO

Cuirtear tuarascáil ó Phríomhfheidhmeannach na nÚdarás Áitiúil faoi bhráid Chomhaltaí na Comhairle laistigh **d'ocht seachtaine** tar éis na tréimhse comhairliúcháin. Ní mór liosta a bheith sa tuarascáil seo de dhaoine nó de chomhlachtaí a rinne aighneachtaí, chomh maith le hachoimre ar na saincheisteanna a cuireadh in iúl agus freagra an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart dul ar aghaidh leis an bhforbairt atá beartaithe.

CÉIM 5
Vóta na gComhairleoirí

Is féidir le comhairleoirí vótáil chun glacadh le tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh nó diúltú di nó chun athruithe a dhéanamh ar an bplean.

CÉIM 6
Cinneadh Deiridh ar Thuarascáil an CEO

Ní mór do chomhaltaí tofa an cinneadh deiridh a dhéanamh faoin bplean **laistigh de shé seachtaine** ó thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a bheith curtha i láthair dóibh.

CÉIM 7
Achomhairc

Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh deiridh chuig an mBord Pleanála **laistigh de 4 seachtaine** ó dháta an chinnidh.

CÉIM 8
Cead Pleanála

Tá sé mar aidhm ag an mBord Pleanála cinntí a dhéanamh **laistigh de 18 seachtaine**.
Is féidir leo cead pleanála a dheonú, cead pleanála a dhiúltú nó cead pleanála a dheonú le coinníollacha, nó coinníollacha leasaithe.

SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE